Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15854/23**

**MAP 55**
**MI 1025**
**COMPET 1161**
**DELACT 186**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 7652 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 15.11.2023<br>lena leasaítear Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i leith na dtairseach le haghaidh conarthaí soláthair, conarthaí seirbhíse agus conarthaí oibreacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 7652 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 7652 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.11.2023
C(2023) 7652 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15.11.2023**

**lena leasaítear Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i leith na dtairseach le haghaidh conarthaí soláthair, conarthaí seirbhíse agus conarthaí oibreacha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 68 de Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha poiblí, soláthair phoiblí agus seirbhíse poiblí ag údaráis nó eintitis chonarthacha i réimse na cosanta nó na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE, le haghaidh athbhreithniú na dtairseach. Déantar foráil san Airteagal sin freisin, i gcás srianta ama, maidir le húsáid an nós imeachta práinne, i gcomhréir le hAirteagal 66b den Treoir sin.

Ina theannta sin, déantar foráil in Airteagal 68 de Threoir 2009/81/CE maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 8 den Treoir sin an tráth céanna leis na tairseacha a bhaineann leis an Treoir maidir le soláthar ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).

Ar mhaithe le comhleanúnachas, ba cheart do na tairseacha a leagtar síos i dTreoir 2009/81/CE a bheith ailínithe leis na tairseacha athbhreithnithe a leagtar síos i dTreoir 2014/25/AE.

Déantar na tairseacha a ríomh ar bhonn mheánluach laethúil an euro i dtéarmaí na gCeart Tarraingthe Speisialta, thar thréimhse 24 mhí dar críoch an 31 Lúnasa roimh an athbhreithniú, le héifeacht ón 1 Eanáir.

Dá bhrí sin, ní féidir tús a chur leis na tairseacha a ríomh tráth níos luaithe ná an 1 Meán Fómhair, mar gheall ar infhaighteacht na sonraí. Ina theannta sin, de réir Airteagal 68(3) de Threoir 2009/81/CE, ní mór don Choimisiún na tairseacha athbhreithnithe (in euro) agus a luachanna comhfhreagracha in airgeadraí náisiúnta eile Bhallstáit an Aontais a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ag tús mhí na Samhna.

I bhfianaise an mhéid thuas, agus chun an sprioc-am thuasluaite a bhaint amach, úsáideann an Coimisiún an nós imeachta práinne chun an rialachán seo a ghlacadh.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um an Soláthar i réimsí na Cosanta agus na Slándála maidir leis an Rialachán seo agus leis an Teachtaireacht a ghabhann leis.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Oibríocht mhatamaiticiúil agus é sin amháin atá i ríomh thairseacha le haghaidh na dTreoracha maidir le soláthar poiblí agus dá bhrí sin, níl in athbhreithniú na tairsí dáiríre ach beart teicniúil.

Ní mór é a dhéanamh gach 2 bhliain i gcomhréir le téarmaí Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtais (GPA). Is é is cuspóir do na coigeartuithe ceartúcháin a dhéanamh le haghaidh aon ghluaiseacht airgeadra idir na sínitheoirí a dhéanfadh difear don mhéid a bheadh a margaí soláthair oscailte d'iomaíocht ó chuideachtaí i dtíortha eile ar sínitheoirí iad.

Tá sásra ag an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais le haghaidh athríomh luach coibhéiseach a chuid tairseach, luach a shocraítear i gCearta Tarraingthe Speisialta, in

airgeadraí a chuid páirtithe gach 2 bhliain. Tugtar éifeacht dhlíthiúil don sásra sin trí Airteagal 6 de Threoir 2014/24/AE.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15.11.2023**

**lena leasaítear Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i leith na dtairseach le haghaidh conarthaí soláthair, conarthaí seirbhíse agus conarthaí oibreacha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha poiblí, soláthair phoiblí agus seirbhíse poiblí ag údaráis nó eintitis chonarthacha i réimse na cosanta nó na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE[1], agus go háirithe Airteagal 68(1), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2014/115/AE[2], d'fhormheas an Chomhairle an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais[3] a tugadh i gcrích faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Trádála. Is ionstraim ilpháirtithe é an Comhaontú leasaithe maidir le Soláthar Rialtais ('an Comhaontú') agus is é is cuspóir dó margaí soláthair rialtais a oscailt go frithpháirteach i measc a chuid pháirtithe. Baineann an Comhaontú le haon chonradh soláthair a bhfuil luach aige, lena mbaintear amach nó lena sáraítear na méideanna arna sonrú ann ('tairseacha') agus arna gcur in iúl mar chearta tarraingthe speisialta.

(2) Ceann de spriocanna Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] is ea na heintitis chonarthacha agus na húdaráis chonarthacha a chuireann an Treoir sin i bhfeidhm a chumasú chun na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chomhaontú a chomhlíonadh an tráth céanna. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 2014/25/AE, ní mór don Choimisiún a fhíorú, gach 2 bhliain, go gcomhfhreagraíonn na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 15, pointí (a) agus (b), den Treoir sin leis na tairseacha arna mbunú sa Chomhaontú, agus ní mór dó iad a athbhreithniú, i gcás inar gá.

(3) Tá athbhreithniú déanta ar na tairseacha a leagtar síos i dTreoir 2014/25/AE. I gcomhréir le hAirteagal 68(1) de Threoir 2009/81/CE, tá na tairseacha a leagtar síos sa Treoir sin le hailíniú leis na tairseacha athbhreithnithe a leagtar síos i dTreoir 2014/25/AE.

---

1 IO L 216, 20.8.2009, lch. 76.

2 Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 maidir leis an bPrótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais a thabhairt i gcrích (IO L 68, 7.3.2014, lch. 1).

3 IO L 68, 7.3.2014, lch. 2.

4 Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n- aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

(4) De bhun Airteagal 68(1) de Threoir 2009/81/CE, athbhreithneoidh an Coimisiún na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 8 den Treoir sin an tráth céanna a athbhreithneofar na tairseacha a leagtar síos i dTreoir 2004/17/CE[5]. Le hAirteagal 17(1) de Threoir 2014/25/AE, lena ndearnadh Treoir 2004/17/CE a aisghairm, ceanglaítear ar an gCoimisiún na tairseacha a athbhreithniú gach 2 bhliain le héifeacht ón 1 Eanáir. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na tairseacha do na blianta 2024-2025 ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

(5) Ní féidir tús a chur leis na tairseacha a ríomh tráth níos luaithe ná an 1 Meán Fómhair, mar gheall ar infhaighteacht na sonraí. De réir Airteagal 68(3) de Threoir 2009/81/CE, ní mór don Choimisiún na tairseacha athbhreithnithe in euro agus a luachanna comhfhreagracha in airgeadraí náisiúnta eile Bhallstáit an Aontais a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ag tús mhí na Samhna. I bhfianaise an mhéid thuas, agus chun an sprioc-am thuasluaite a bhaint amach, tá an Coimisiún chun dul i muinín an nós imeachta práinne chun an rialachán seo a ghlacadh.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2009/81/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Airteagal 8 de Threoir 2009/81/CE mar a leanas:

(1) i bpointe (a), cuirtear 'EUR 443 000' in ionad 'EUR 431 000';

(2) i bpointe (b), cuirtear 'EUR 5 538 000' in ionad 'EUR 5 382 000'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15.11.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

[5] Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 134, 30.4.2004, lch. 1).